

1. Réamhrá

1.1 Is comhlacht reachtúil é Raidió Teilifís Éireann (RTÉ) agus is é eagraíocht náisiúnta meán na hÉireann é a rialáítear leis an Acht Craolacháin, 2009 (“**an tAcht Craolacháin**”). Mar chuid den ról sin, próiseálann RTÉ Sonraí Pearsanta a bhfuil gá leo ar mhaithe le comhlíonadh ról leasa phoiblí RTÉ mar atá leagtha amach sa Pholasaí Príobháideachais seo agus i gcomhréir le halt 114 den Acht Craolacháin.

1.2 Is é seo Polasaí Príobháideachais Raidió Teilifís Éireann, RTÉ Commercial Enterprises DAC, agus aon cheann dá gcleamhnaithe, lena n-áirítear RTÉ Transmission Network DAC, a thrádálann mar 2RN (agus a dtugtar “**RTÉ**” orthu le chéile) agus glacann sé ionad leaganacha den pholasaí seo a bhí ann roimhe seo. Is é is cuspóir don Pholasaí Príobháideachais seo ná polasaí RTÉ a leagan amach a mhéid a bhaineann le bailiú, coimeád, nochtadh agus aistriú Sonraí Pearsanta a bhailíonn agus a phróiseálann RTÉ. Ina theannta sin, déantar cleachtais bhainistíochta faisnéise RTÉ a leagan amach sa Pholasaí Príobháideachais seo.

1.3 Urramaíonn RTÉ príobháideachas na ndaoine sin go léir a mbíonn teagmháil aige lena Sonraí Pearsanta, ar sonraí iad a bhaineann leis na daoine seo a leanas go háirithe:

- (a) úsáideoirí uile láithreán gréasáin RTÉ (i.e. láithreáin bhairr deisce agus shoghluaiste RTÉ), leathanaigh agus aipeanna meán sóisialta RTÉ agus seirbhísí eile de chuid RTÉ (cibé acu ar an aer nó ar líne);
- (b) fostaithe agus conraitheoirí RTÉ (lena n-áirítear iarratasóirí ar fhostaíocht le RTÉ);
- (c) gach ball de scéimeanna pinsin atá urraithe ag RTÉ (lena n-áirítear iarfhostaithe) ;
- (d) teagmhálaithe gnó agus soláthróirí RTÉ; agus
- (e) daoine a dtugtar a Sonraí Pearsanta do RTÉ i bhfoirm ábhair chun críocha eagarthóireachta, cruthaithe ineachair, iriseoireachta (lena n-áirítear daoine a chuireann ábhar ar fáil le haghaidh plé beo nó le haghaidh críocha eile, lena n-áirítear rannpháirtíocht lucht féachana).

1.4 I gcás gach ceann de na catagóirí daoine sin, tabharfar míniú sa Pholasaí Príobháideachais seo i dtaobh cén fáth go mbailíonn RTÉ Sonraí Pearsanta agus conas a úsáideann sé na Sonraí Pearsanta a bhailíonn sé. Cinnteoidh RTÉ go ndéantar na Sonraí Pearsanta go léir a bhailíonn sé a choimeád de réir oibleagáidí RTÉ faoi na dlíthe infheidhme maidir le cosaint sonraí. Déanfaidh RTÉ an Polasaí Príobháideachais seo a uasdátú ó am go ham chun léiriú a dhéanamh ar aon athruithe ábhartha ar theicneolaíocht, ar reachtaíocht nó ar chleachtais RTÉ i leith úsáid sonraí, ar athruithe iad a d'fhéadfadh difear ábhartha a dhéanamh don tslí ina bpróiseálann RTÉ Sonraí Pearsanta.

1.5 Ní hionann an polasaí seo agus ráiteas uileghabhálach maidir le cleachtais uile RTÉ maidir le cosaint sonraí agus d'fhéadfadh sé go gcuirfidh RTÉ polasaithe sonracha a i bhfeidhm laistigh de thimpeallachtaí áirithe. Mar shampla, tá polasaí ar leithligh ann le haghaidh Saorview (agus, cé go bhfuil an polasaí sin i gcomhréir leis an bpolasaí seo tríd is tríd, d'fhéadfadh athruithe áirithe a bheith ann). Tá a pholasaí príobháideachais ar leith féin ag seirbhís GAAGO agus is ceart duit an polasaí sin a léamh má úsáideann tú GAAGO. De bhreis air sin, d'fhéadfadh sé go gcuirfidh RTÉ fógra príobháideachais ar leithligh isteach ag an bpointe gabhála sonraí i gcás seirbhís nua agus beidh feidhm shonrach ag aon toilithe sonracha a fhaightear, nó ag faisnéis a sholáthraítear sa tslí sin, maidir leis an tseirbhís sin agus measfar gurb ionann na nithe sin agus forlíonadh ar an bPolasaí seo. Ina theannta sin, féadfaidh RTÉ roghanna breise úsáideora a thabhairt isteach ar ár gcuid ardán ar líne agus tabharfar míniú soiléir d'úsáideoirí ina leith sin de réir mar a cheanglaítear leis an dlí a bhaineann le cosaint sonraí. Is ceart an Polasaí seo a léamh in éineacht le polasaithe iomchuí eile de chuid RTÉ e.g. Ráiteas Seirbhíse Poiblí RTÉ atá ar fáil <[anseo](#)>. Ina cháiil mar chraoltóir, tagann RTÉ faoi réir chóid agus chaighdeáin Údarás Craolacháin na hÉireann atá ar fáil <[anseo](#)>, próiseálfaidh RTÉ Sonraí Pearsanta de réir na gcód agus na gcaighdeán sin. Chomh maith leis sin, tagann RTÉ faoi réir rialacha ComReg.

2. Cad atá i gceist le Sonraí Pearsanta?

2.1 Is ionann Sonraí pearsanta agus aon fhaisnéis a bhaineann le duine beo, ar faisnéis í trínar féidir an duine sin a aithint. D'fhéadfadh sé gurb é atá i gceist le Sonraí Pearsanta ná ainm, seoladh, mionsonraí teagmhála, uimhir

aitheantais, seoladh Soláthraí Idirlín, cártaí rochtana/*cotag*-anna, taifeadtaí clos-amhairc nó clos-taifeadtaí ó dhuine, mionsonraí faoin áit ina bhfuil duine nó aon mhionsonra(i) eile a bhaineann go sonrach leis an duine sin.

2.2 In imthosca ina rialaíonn eintiteas de chuid RTÉ Sonraí Pearsanta trína chinneadh cén fáth go bpróiseáiltear na Sonraí Pearsanta sin, agus conas a phróiseáiltear iad, beidh RTÉ ina “Rialaitheoir Sonraí”. Is “Rialaitheoir Sonraí” é aon eintiteas a phróiseálann Sonraí Pearsanta a rialaíonn RTÉ agus a dhéanann amhlaidh thar ceann RTÉ. D’fhéadfadh sé go mbeidh soláthróirí seirbhíse tríú páirtí a bheith i gceist le Próiseálaithe Sonraí, ar soláthróirí iad atá ar fostú ag RTÉ (mar shampla, soláthróirí cumarsáide agus gníomhaireachtaí párolla agus margaióchta nó gníomhaireachtaí earcaíochta). De réir mar a cheanglaítear leis an dlí infheidhme maidir le cosaint sonraí, nuair a cheapann RTÉ Próiseálaí Sonraí cinnteoidh RTÉ go bhfuil cosaintí cuí conarthacha ann.

2.3 In imthosca áirithe, beidh RTÉ i dteagmháil le tríú páirtithe in imthosca ina bhfuil RTÉ agus an tríú páirtí ina ‘gComhrialaitheoirí’ sonraí pearsanta, is é sin, déanfaidh RTÉ agus an tríú páirtí cinneadh comhpháirteach i dtaobh cén fáth go mbailítear sonraí pearsanta agus i dtaobh conas a bhailítear sonraí pearsanta. I gcuid mhór de na himthosca sin, beidh RTÉ agus an tríú páirtí ina ‘Rialaitheoirí Neamhspleácha’ sonraí pearsanta, is é sin, déanfaidh RTÉ agus an tríú páirtí cinneadh go neamhspleách ar a chéile i dtaobh cén fáth go bpróiseáiltear sonraí pearsanta áirithe, agus i dtaobh conas a phróiseáiltear sonraí pearsanta áirithe, ar mhaithe lena gcríocha féin. Mar shampla, i gcás ina n-ullmhaítear ábhar go neamhspleách ar RTÉ, beidh an léiritheoir tríú páirtí ina Rialaitheoir Sonraí Neamhspleách, de ghnáth, i dtaca leis an gcuid is mó de na sonraí pearsanta a phróiseálann sé, nó i dtaca leis na sonraí pearsanta go léir sin, agus, sa cháil sin, is trí pholasaí príobháideachais léiritheoirí tríú páirtí den sórt sin a rialófar bailiú agus próiseáil Sonraí Pearsanta roimh chraoladh. I gcás ina ndéantar ábhar a chomhléiriú, féadfaidh RTÉ agus an léiritheoir tríú páirtí a bheith ina Rialaitheoirí Neamhspleácha agus ina gComhrialaitheoirí i dtaca le sonraí pearsanta a bhailítear le haghaidh an tionscadail lena mbaineann. I gcásanna den sórt sin, d’fhéadfadh sé go mbeidh ar RTÉ Sonraí Pearsanta a chomhroinnt leis an léiritheoir tríú páirtí agus *vice versa*. Mar an gcéanna, nuair a dhéanann úsáideoirí ábhar ar líne RTÉ a chomhroinnt nó a phostáil ar ardáin mheán sóisialta, déanfaidh na hardáin sin cinneadh neamhspleách i

dtaobh cad a dhéanfar leis na sonraí a bhailítear ó ghníomhaíochtaí den sórt sin, ach sin faoi réir théarmaí agus choinníollacha a n-ardáin féin agus faoi réir na socruithe príobháideachais atá curtha ar a gcuntais mheán sóisialta ag úsáideoirí na gcuntas sin.

3. Láithreán Gréasáin, Meáin Shóisialta agus Aipeanna RTÉ (RTÉ Ar Líne)

3.1 Sa chuid seo den Pholasaí Príobháideachais leagtar amach an cineál Sonraí Pearsanta a bhailíonn RTÉ, na críocha ar ina leith a bhailítear agus a phróiseáiltear Sonraí Pearsanta de sórt sin agus an bonn dlí atá le próiseáil den sórt sin a dhéanamh i gcomhthéacs láithreán gréasáin RTÉ (www.RTE.ie) agus aipeanna RTÉ (lena n-áirítear, gan srian, Seinnteoir RTÉ). Féach an roinn dar teideal ‘*Cuntas RTÉ*’ i mír 3.3(a)(iv) thíos, le do thoil, a bhaineann le cad a tharlaíonn nuair a chláraíonn úsáideoir le Cuntas RTÉ.

3.2 Níl freagracht ar RTÉ i ndáil le cleachtais phríobháideachais aon láithreáin ghréasáin sheachtracha, aon mhonaróirí feiste nó aon ardáin ar féidir rochtain a fháil orthu, nó ar féidir iad a úsáid, i dtaca le húsáid láithreán gréasáin RTÉ, leathanaigh mheán sóisialta RTÉ nó aipeanna RTÉ ag duine. Tagann siad sin faoi réir a gcuid ráiteas príobháideachais féin agus d’fhéadfadh difríocht ábhartha a bheith ann idir na ráitis sin agus ráitis RTÉ agus, dá bhrí sin, is ceart d’úsáideoirí iad a athbhreithniú chun tuilleadh faisnéise a fháil.

3.3 Cad iad na Sonraí Pearsanta a bhailíonn agus a úsáideann RTÉ Ar Líne?

(a) Bailíonn RTÉ cineálacha éagsúla Sonraí Pearsanta nuair a úsáideann duine RTÉ Ar Líne. Seo a leanas samplaí de Shonraí Pearsanta a bhailíonn RTÉ:

(i) Comórtais: Nuair a ghlacann duine páirt i gcomórtas, féadfaidh RTÉ ainm agus mionsonraí teagmhála an duine sin (lena n-áirítear seoladh poist, seoladh ríomhphoist, uimhir theileafóin) ar mhaithe le reáchtáil an chomórtais (lena n-áirítear comórtais shoghluaiste). I gcás ina n-oibríonn RTÉ comórtas i gcomhar le comhpháirtí tráchtála tríú páirtí, féadfaidh an comhpháirtí sin na sonraí a bhailiú agus a úsáid, ach sin faoi réir rialacha an chomórtais agus fógraí maidir leis an gcomórtas.

- (ii) Rannpháirtíocht i gCláir, Rannpháirtíocht Lucht Féachana/Éisteachta agus Ticéadú: Nuair a dhéanann duine teagmháil le RTÉ maidir le páirt a ghlacadh i gclár de chuid RTÉ (mar bhall den lucht féachana/éisteachta nó mar dhuine a chuireann ábhar ar fáil le haghaidh cláir) nó maidir le ticéid a fháil le haghaidh cláir nó imeachta de chuid RTÉ, féadfaidh RTÉ ainm, mionsonraí teagmhála an duine sin (lena n-áirítear seoladh poist, seoladh ríomhphoist, uimhir theileafóin) agus cibé Sonraí Pearsanta a nochtann an duine (agus a bhféadfadh sonraí catagóirí speisialta a bheith san áireamh iontu) a úsáid chun próiseáil a dhéanamh ar iarratais ar thicéid chun páirt a ghlacadh i gcomórtais den sórt sin.
- (iii) Leathanaigh mheán sóisialta: Féadfar ábhar amhail teachtaireachtaí, píosaí fíis-scannánaíochta agus grianghraif, a phostáiltear ar leathanaigh mheán sóisialta a oibríonn agus a bhainistíonn RTÉ nó a bhfuil láithreach ag RTÉ orthu a chur ar fáil go poiblí agus féadfar iad a úsáid i dtaca le hoibriú agus cur chun cinn RTÉ, lena n-áirítear RTÉ Ar Líne agus cláir theilifíse agus raidió. Má phostáiltear ábhar a mheastar a bheith contrártha don Pholasaí Príobháideachais seo (nó contrártha do Pholasaí RTÉ maidir le Fógra a Thabhairt agus Baint Anuas) nó do na polasaithe a oibríonn láithreáin ghréasáin, ardáin mheán sóisialta nó aipeanna den sórt sin, féadfaidh RTÉ nó oibreoírí na láithreán ghréasáin meán sóisialta sin an t-ábhar sin a bhaint anuas nó féadfar é a bhaint anuas má iarrann RTÉ amhlaidh. Má phostáiltear ábhar míchuí den sórt sin ar leathanach meán sóisialta atá á rialú ag RTÉ is féidir an méid sin a thuairisciú ag an seoladh seo a leanas: info@rte.ie agus féachfaidh RTÉ lena chinntiú go ndéantar beart cuí de réir Threoirlínte RTÉ maidir le Meáin Shóisialta agus/nó pholasaí na n-ardán iomchuí meán sóisialta. Is iad RTÉ agus an chuideachta iomchuí mheán sóisialta comhrialaitheoirí na Sonraí Pearsanta a chuireann tú ar fáil ar leathanaigh mheán sóisialta atá á rialú ag RTÉ.
- (iv) An láithreán gréasáin (www.rte.ie): Nuair a dhéanann duine teagmháil le [RTÉ.ie](http://www.rte.ie), bíonn ábhar agus táirgí de chuid cuideachtaí meán, amhail Facebook, Instagram, Twitter, LinkedIn, YouTube etc leabaithe ar chuid mhór de na leathanaigh. Féadfaidh na cuideachtaí meán sóisialta iomchuí do

chuid Sonraí Pearsanta a bhailiú, agus/nó féadfar iad a chomhroinnt leis na cuideachtaí meán sóisialta iomchuí agus féadfar iad a úsáid de réir na bpolasaithe seo a leanas: (a) polasaithe na n-ardán iomchuí meán sóisialta, ar polasaithe iad ar ceart duit eolas a chur orthu agus (b) an polasaí seo agus Polasaí RTÉ maidir le Fianáin. Déantar na sonraí pearsanta sin a bhailiú nó a phróiseáil nuair a thoilíonn tú le húsáid fianán rianaithe iomchuí de bhun pholasáí RTÉ maidir le fianáin nó i gcás ina ndéanann tú teagmháil le hábhar meán sóisialta den sórt sin ar láithreán gréasáin RTÉ. Mar shampla, tá breiseáin shóisialta, cumasaithe ar an gcuid is mó leathanach ar www.rte.ie agus, dá bharr sin, is féidir leat ábhar de chuid RTÉ a chomhroinnt ar na hardáin sin (Facebook, Instagram, Twitter, LinkedIn, YouTube etc). Nuair a dhéanann tú amhlaidh, is féidir leis na cuideachtaí meán sóisialta faisnéis fút a bhailiú, lena n-áirítear, mar shampla, go bhfuil an t-ábhar sin comhroinnte agat, aitheantóirí ar líne amhail seoladh do Sholáthraí Idirlín etc. Bíonn RTÉ i dteagmháil le soláthraithe den sórt sin chun cumarsáid a dhéanamh le luchtanna féachana/éisteachta agus, i gcás toiliú a bheith faighte, chun fógraíocht spriocdhírthe a dhéanamh agus chun feabhas a chur ar fhógraíocht a chur i láthair agus chun gnéithe agus ábhar ar leith a phearsantú d'úsáideoirí.

- (v) Cuntas RTÉ Chun rochtain a fháil ar ghnéithe agus ar fheidhmeanna áirithe thar raon láithreán gréasáin agus seirbhísí soghluaiste RTÉ, ceanglaítear ar úsáideoirí cuntas RTÉ a chlárú. Tugtar Cuntas RTÉ ar an tseirbhís fheabhsaithe sin agus ligeann sé d'úsáideoirí cláraithe eispéireas níos pearsantaithe a bheith acu nuair a fhaigheann siad rochtain ar sheirbhísí ar líne RTÉ agus nuair a bhíonn siad i dteagmháil leis na seirbhísí sin. Trí Chuntas RTÉ a chlárú, agus trí shíniú isteach sa chuntas sin, is féidir le húsáideoirí rochtain a fháil go héasca ar gach gné agus ar gach feidhm atá ar fáil thar an raon seirbhísí ar líne gan ach Cuntas amháin a bheith acu. Is féidir teacht ar thuilleadh mionsonraí faoi na tairbhí a bhaineann le Cuntas RTÉ ag (<https://www.rte.ie/id/about/>). Nuair a chláraíonn úsáideoirí cuntas le RTÉ, is gá dóibh faisnéis áirithe a thabhairt, lena n-áirítear

bliain a mbreithe. Is gá sin chun a chinntiú go bhfuil RTÉ páirteach i gconradh le duine atá 18 mbliana d'aois nó os a chionn.

Nuair a chruthaíonn úsáideoirí Cuntas RTÉ, féadfaidh RTÉ d'ainm, do mhionsonraí teagmhála, d'inscne, seoladh do Sholáthraí Idirlín, ainm do bhrabhsálaí, teideal do chórais oibriúcháin agus ainm na feiste a úsáideadh (lena n-áirítear an áit ina bhfuil an fheiste sin), mar aon le mionsonraí faoin láithreán gréasáin ar leith de chuid RTÉ a bhfuarthas rochtain air (e.g. leathanaigh ar tugadh cuairt orthu agus an t-am agus an dáta ar tugadh cuairt ar leathanaigh agus, chomh maith leis sin, na bearta a rinne an úsáideoir), a bhailiú agus a úsáid. Bailítear agus próiseáiltear an fhaisnéis sin chun tairbhí breise (lena n-áirítear féachaint shaoráideach ar Sheinnteoir RTÉ thar ilfheistí, teachtaireachtaí ríomhphoist ina dtugtar faisnéis uasdátaithe maidir le hábhar a bhaineann leat féin agus rochtain ar chomórtais eisiatacha) a thabhairt d'úsáideoirí. Ina theannta sin, féadfaidh RTÉ taifead a dhéanamh ar na húsáideoirí a d'oscail agus a chliceáil na naisc leabaithe sna teachtaireachtaí atá seolta ag RTÉ chun éifeachtacht feachtais a thomhas.

Tá seirbhísí áirithe ann ar gá méid níos mó Sonraí Pearsanta a bhailiú agus a phróiseáil ina leith (lena n-áirítear Sonraí Pearsanta catagóirí speisialta) agus, i gcásanna den sórt sin, d'fhéadfadh rialacha speisialta breise a bheith ann. Má tá Cuntas RTÉ cláraithe ag úsáideoir, féadfaidh RTÉ faisnéis faoi do chuntas a chumasc le faisnéis eile fút atá bailithe ag RTÉ trí úsáid a bhaint as fianáin, as speicéirí gréasáin, aitheantóirí feiste, breiseáin shóisialta, picteilíní rianaithe etc. i gcomhréir le Polasaí RTÉ maidir le Fianáin (chun tuilleadh faisnéise a fháil faoin úsáid a bhaineann RTÉ as fianáin agus teicneolaíochtaí eile den tsamhail chéanna, féach **Polasaí RTÉ maidir le Fianáin** le do thoil). I gcás úsáideoirí ar mian leo úsáid fianán etc. a rialú, féach an roinn dar teideal *'Do Chuid Roghanna a Athrú'* i mír 4.4 anseo thíos.

Do Chuid Roghanna a Bhainistiú

Is féidir le húsáideoirí Cuntas RTÉ a chlárú freisin trí úsáid a bhaint as a gcuid mionsonraí logála isteach le haghaidh Facebook, Google nó ríomhphoist. Nuair a dhéanann tú sin, comhroinnfear do Shonraí Pearsanta leis na cuideachtaí sin, ar mhaithe lena gcríocha féin agus de réir a pholasaí príobháideachais agus na socruithe príobháideachais atá socraithe agat ar an ardán atá i gceist.

(vi) Aipeanna RTÉ: Bainfidh RTÉ úsáid as Cuntais RTÉ freisin chun mionsonraí faoin úsáid a bhaineann úsáideoirí as aipeanna RTÉ, lena n-áirítear aip Sheinnteoir RTÉ agus Nuacht RTÉ, a bhailiú agus a úsáid. D'fhéadfadh sé go n-áireoidh mionsonraí den sórt sin an t-am agus an dáta a n-osclaítear agus a ndúntar an aip, an t-ábhar ar féachadh air agus fad ama an tseisiúin úsáide. Trí úsáid a bhaint as an bhfaisnéis sin, tá RTÉ in ann tuarascálacha staitistiúla a ghiniúint, amhail tomhas a dhéanamh ar an éileamh ar ábhair ar leith nó scrúdú a dhéanamh ar bhealaí chun an tseirbhís a fheabhsú. Nuair a roghnaíonn úsáideoirí brúfhógraí ionaípe a fháil, féadfaidh RTÉ úsáid a bhaint as an bhfaisnéis sin freisin chun teachtaireachtaí ionaípe saincheaptha den sórt sin maidir le seirbhísí RTÉ a chur chuig úsáideoirí den sórt sin. Chun tuilleadh mionsonraí faoi chumarsáidí margaíochta a fháil, léigh roinn 4 le do thoil: Fógraíocht agus Margaíocht. Faoi réir toiliú a fháil ó úsáideoirí, féadfaidh RTÉ na sonraí a úsáid chun cumarsáidí faoi chomhpháirtithe tráchtála a chur chuig úsáideoirí. Ina theannta sin, féadfaidh RTÉ fíorú a dhéanamh maidir leis an áit ina bhfuil feiste úsáideora le linn Seinnteoir RTÉ a úsáid. Déantar amhlaidh ós rud é go bhfuil srianta críche ann

maidir le húsáid ábhair áirithe de chuid RTÉ. Déantar an fhaisnéis sin go léir a nascadh trí chuntais na n-úsáideoirí iomchuí (amhail Siopa Aipeanna Apple nó Siopa Google Play). D'fhéadfadh sé go mbeidh úsáideoirí in ann socruithe a gcuid feistí a úsáid chun cosc a chur ar RTÉ an áit ina bhfuil a bhfeiste a fhíorú. Ach, sa chás sin, d'fhéadfadh sé nach mbeifí in ann feidhmeanna uile na haipe sonraí sin a úsáid nó go gcuirfí stop lena húsáid.

3.4 Cuspóirí agus fírinniú dlíthiúil i leith próiseáil sonraí ag RTÉ

- (a) Bailíonn agus próiseálann RTÉ na Sonraí Pearsanta a thuairiscítear thuas ar mhaithe le cuspóirí éagsúla. De réir mar a cheanglaítear leis an dlí maidir le cosaint sonraí, tá achoimre anseo thíos ar na cuspóirí sin agus ar an bhfírinniú dlíthiúil a thacaíonn leo:

Cuspóir	Fírinniú Dlíthiúil
Soláthar, bainistiú agus feabhsú seirbhísí e.g. chun an t-ábhar is mó éilimh i measc úsáideoirí RTÉ a shainithint, chun an t-ábhar sin a chur chun cinn ar mhodh saincheaptha i measc úsáideoirí RTÉ agus chun srian a chur ar sheirbhísí i gcríocha ina bhfuil feidhm ag srianta maidir leis na seirbhísí sin a úsáid.	Tá gá leis an bpróiseáil sin le gur féidir le RTÉ a oibleagáidí reachtúla a chomhlíonadh agus na seirbhísí iomchuí a sholáthar.
Measúnú a dhéanamh ar ábhair spéise agus roghanna féachana úsáideoirí agus chun cláir shaincheaptha agus ábhar saincheaptha a léiríonn roghanna agus ábhair spéise úsáideoirí a chur chun cinn.	Tá feidhm reachtúil ag RTÉ faoin Acht Craolacháin maidir le ábhar cuimsitheach a chur ar fáil a léiríonn éagsúlacht ábhair spéise oileán na hÉireann ar fad.

<p>Measúnú a dhéanamh ar ábhair spéise úsáideoirí agus fógraíocht shaincheaptha a dhéanamh atá bunaithe ar roghanna agus ábhair spéise na n-úsáideoirí.</p>	<p>Tá feidhm reachtúil ag RTÉ faoin Acht Craolacháin maidir le deiseanna tráchtála a shaothrú a éiríonn as oibleagáidí reachtúla.</p>
<p>Úsáid a bhaint as ábhar a sholáthraíonn daoine ar leathanaigh mheán sóisialta RTÉ.</p>	<p>Braitheann RTÉ ar thoiliú ó dhaoine i leith na n-úsáidí sin. Más mian le húsáideoir toiliú le próiseáil aon ábhar a phostálann siad ar leathanaigh mheán sóisialta RTÉ a tharraingt siar, is féidir leo teagmháil a dhéanamh le hOifigeach Cosanta Sonraí RTÉ (féach mír 16 anseo thíos).</p>
<p>Comórtais, suirbhéanna, pobalbhreitheanna nó crannchuir.</p>	<p>Is gá sonraí a phróiseáil chun na comórtais, na suirbhéanna, na pobalbhreitheanna nó na crannchuir iomchuí a oibriú. Féadfar úsáid a bhaint as na sonraí ar bealaí eile i gcás toiliú a bheith tugtha faoi rialacha an chomórtais iomchuí.</p>
<p>Ceannacháin ó RTÉ nó óna chomhpháirtithe tráchtála (mar shampla, RTÉ Guide).</p>	<p>Is gá do RTÉ Sonraí Pearsanta a phróiseáil chun an Conradh iomchuí ceannaigh idir RTÉ agus an úsáideoir a chomhlíonadh.</p>
<p>Riaradh seirbhísí e.g. meabhrúcháin phasfhocail a sholáthar d'úsáideoirí nó fógraí</p>	<p>Tá gá le próiseáil den sórt sin chun an tseirbhís a bhfuil an t-úsáideoir cláraithe ina leith a sholáthar agus chun tacú le comhlíonadh</p>

<p>a sholáthar maidir le hathrú ar sheirbhísí.</p>	<p>fheidhm reachtúil RTÉ maidir le bainistíocht a dhéanamh ar sholáthar a sheirbhísí; agus de réir mar is gá ar mhaithe le comhlíonadh conarthach conartha idir RTÉ agus an t-úsáideoir.</p> <p>Tá feidhm reachtúil ag RTÉ faoin Acht Craolacháin maidir le seirbhísí pearsantaithe agus ábhar saincheaptha a sholáthar, lena n-áirítear, mar shampla, ábhar saincheaptha a sholáthar d'úsáideoirí Chuntais RTÉ. Le linn an fheidhm sin a chomhlíonadh, déanann RTÉ cóimheá idir na leasanna sin agus cearta úsáideoirí ar leithligh trí úsáid a bhaint as na bearta a thuairiscítear sa Pholasaí seo.</p>
<p>Cartlann RTÉ a Chothabháil.</p>	<p>Tá oibleagáidí reachtúla cartlannaithe ag RTÉ faoin Acht Craolacháin chomh maith le leas poiblí a bheith aige maidir le bainistíocht a dhéanamh ar a ábhair chartlainne agus ar a thaifid ar mhaithe le cuspóirí a bhaineann le leas an phobail, le cúrsaí staire nó le cúrsaí taighde.</p>
<p>Cumarsáid a dhéanamh le teagmhálaithe gnó agus soláthróirí agus mionsonraí teagmhála na teagmhálaithe gnó agus na soláthróirí sin</p>	<p>De réir mar is gá chun an Conradh ar leith le teagmhálaithe gnó agus/nó le soláthróirí den sórt sin a chomhlíonadh agus, thairis sin, chun a</p>

<p>a chothabháil.</p>	<p>chumasú do RTÉ a chuspóirí reachtúla i leith leas an phobail a chomhlíonadh, rud is cúis lena cheangal ar RTÉ a bheith i dteagmháil le soláthraithe seachtracha seirbhíse.</p>
<p>Comhfhreagras ginearálta le daoine den phobal (leis an bpost nó trí sheoladh ríomhphoist RTÉ), mar shampla, i gcás ina gcuireann duine comhfhreagras chuig RTÉ chun tuairim a chur in iúl faoi ábhar a craoladh nó ar chúiseanna ilghnéitheacha eile.</p>	<p>Ar mhaithe leis an gcuspóir ar leith is ábhar don chomhfhreagras a chuirtear chuig RTÉ. Ag brath ar chomhthéacs ar leith an chomhfhreagrais sin, is é is dócha a bheidh sa bhunús dlíthiúil iomchuí ná toiliú an duine nó comhlíonadh chuspóirí RTÉ i leith leas an phobail.</p>
<p>Maidir le cuspóirí a bhaineann le ticéadú lucht féachana agus rannpháirtíocht lucht féachana, a bhféadfadh sonraí Pearsanta catagóirí speisialta a bheith san áireamh iontu ó am go ham, lena n-áirítear sonraí a nochtann creideamh reiligiúnach nó fealsúnachta duine, sonraí sláinte duine, sonraí faoi bhallaíocht i gceardchumann nó sonraí a nochtann claonadh gnéasach nó mionsonraí faoi shaol gnéis duine, gan bheith teoranta do na nithe sin.</p>	<p>Déanfar sonraí den sórt sin a phróiseáil ar mhaithe le cuspóirí RTÉ i leith leas an phobail, faoi alt 114 den Acht Craolacháin, a bhaint amach agus déantar tagairt sonracha san alt son do chuspóir RTÉ i ndáil le raon cuimsitheach clár a sholáthar a léiríonn “<i>éagsúlacht chultúir oileán na hÉireann uile</i>”, “<i>lena gcuirtear ... eolas agus oideachas ar fáil</i>” agus chun “<i>cláir nuachta agus chúrsaí reatha ... a sholáthar</i>”. Dá bhrí sin, ag féachaint don tábhacht a bhaineann leis an gceart ar shaoirse cainte agus faisnéise i sochaí dhaonlathach, tá próiseáil den sórt sin riachtanach agus comhréireach i ndáil le léiriú iriseoireachta RTÉ le linn a chuspóirí i leith leas</p>

	an phobail a chomhlíonadh faoin Acht Craolacháin, 2009.
--	---

4. Fógraíocht agus Margaíocht

Sa roinn seo de Pholasaí Príobháideachais RTÉ leagtar amach an tslí ina bhféadfaidh RTÉ úsáid a bhaint as Sonraí Pearsanta ar mhaithe le cuspóirí margaíochta agus fógraíochta ar líne.

4.1 Cumarsáidí Margaíochta

Má thugann duine toiliú le cumarsáidí margaíochta, féadfaidh RTÉ ainm, seoladh ríomhphoist agus/nó uimhir theileafóin an duine sin a úsáid ar mhaithe le cumarsáidí margaíochta. Mar shampla, d'fhéadfadh sé go n-aontóidh tú, ag deireadh ailt ar www.rte.ie/news nó i do Chuntas RTÉ, le cumarsáidí ríomhphoist a fháil. Ina theannta sin, gheobhaidh úsáideoirí a roghnaíonn brúfhógraí ionaípe a fháil cumarsáidí margaíochta ar an dóigh sin. Ní dhéanfaidh RTÉ teagmháil le húsáideoirí leis an bpost nó le SMS ar mhaithe le cuspóirí margaíochta díri mura rud é go bhfuil toiliú tugtha ag na húsáideoirí maidir le teagmháil den sórt sin, de réir mar a cheanglaítear leis na dlíthe a bhaineann le cosaint sonraí. Is féidir le húsáideoirí a roghnú gan cumarsáidí margaíochta díri a fháil ó RTÉ trí leas a bhaint as an nasc díliostála sa teachtaireacht iomchuí margaíochta.

Má chláraigh tú le haghaidh cumarsáidí margaíochta mar chuid de do Chuntas RTÉ, féadfaidh RTÉ na sonraí sin a chumasc le faisnéis (lena n-áirítear an áit ina bhfuil d'fheiste) a bailíodh trí bhíthin fianán, speicéirí gréasáin, aitheantóir d'fheiste etc. Déantar amhlaidh le go bhféadfaidh RTÉ cumarsáidí margaíochta a bhaineann le do chuid roghanna a chur chugat. Bailímid an fhaisnéis sin le haghaidh cuspóirí inmheánacha amháin chun ligean do RTÉ léargais a fháil ar conas a úsáideann úsáideoirí margaíocht e.g. teagmháil le ríomhphost, rátaí oscailte, rátaí cliceála ar hipearnaisc, díliostáil, an cineál ábhair is mó éileamh etc, ar nithe iad sin a chabhraíonn le RTÉ freastal níos fearr a dhéanamh ar úsáideoirí ina dhiaidh sin ar bhonn an ábhair a léiríonn úsáideoirí RTÉ spéis

ann. Chun tuilleadh faisnéise a fháil faoin tslí ina n-úsáideann RTÉ fianáin agus teicneolaíochtaí eile den tsamhail chéanna féach **Polasaí RTÉ maidir le Fianáin** le do thoil.

Má chláraíonn úsáideoirí chun cumarsáidí margaíochta a fháil ó chomhpháirtithe de chuid RTÉ agus má sholáthraíonn siad a mionsonraí teagmhála do RTÉ le haghaidh cuspóirí den sórt sin, féadfaidh RTÉ a n-ainm, agus a mionsonraí teagmhála (e.g. seoladh ríomhphoist nó uimhir fóin póca) a sholáthar do chomhpháirtithe tráchtála RTÉ (amhail eagraíochtaí atá i gcomhpháirtíocht le RTÉ i ndáil le cláir theilifíse a sholáthar nó a urrú) ionas gur féidir leo cumarsáidí margaíochta a chur chugat. Ní dhéanfaidh RTÉ faisnéis den sórt sin a sholáthar do thríú páirtithe mura bhfuil toiliú tugtha RTÉ ag na húsáideoirí maidir le RTÉ do thabhairt a Sonraí Pearsanta do thríú páirtithe le haghaidh na cuspóra sin. Má roghnaíonn úsáideoir gan cumarsáidí a fháil ónár gcomhpháirtithe, ní chomhroinnfidh RTÉ mionsonraí teagmhála an úsáideora sin lenár gcomhpháirtithe a thuilleadh. Ach beidh ar úsáideoirí a bhfuil faisnéis fúthu tugtha ag RTÉ do chomhpháirtithe cheana féin teagmháil dhíreach a dhéanamh leis na comhpháirtithe sin chun roghnú gan cumarsáidí a fháil uathu. Chun tuilleadh mionsonraí a fháil féach 4.3 anseo thíos le do thoil.

Úsáideann RTÉ soláthraithe seirbhíse tríú páirtí chun cabhrú leis a chumarsáidí margaíochta a sheachadadh. Bíonn na próiseálaithe sonraí tríú páirtí sin faoi réir srianta conartha agus srianta dlíthiúla i ndáil le haon úsáid neamhúdraithe a bhaintear as faisnéis fút.

4.2 Athmhargú

Is é atá in athmhargú ná cineál fógraíochta spriocdhírthe ar líne ar tríd a dhírítear margaíocht ar líne ar thomhaltóirí ar bhonn a gcuid gníomhaíochtaí brabhsála roimhe seo. Baineann RTÉ úsáid as teicníochtaí ath-spriocdhírthe láithreán-bhunaithe chun fógraíocht i leith ábhar RTÉ a sholáthar do chuairoteoirí ar láithreán gréasáin RTÉ

nuair a fhágann siad láithreán gréasáin RTÉ. D'fhéadfadh sé go dtaispeánfar fógráin den sórt sin ar láithreáin ghréasáin agus ar láithreáin mheán sóisialta chun tú a choimeád ar an eolas faoi chláir, faoi sheirbhísí agus faoi imeachtaí iomchuí de chuid RTÉ. Ina theannta sin, féadfaidh RTÉ oibriú le comhpháirtithe teicneolaíochta chun luchtanna féachana/éisteachta macasamhla a ghiniúint ar mhaithe le cláir, seirbhísí agus imeachtaí de chuid RTÉ a chur chun cinn.

Mar shampla, féadfaidh RTÉ picteilíní meán sóisialta nó picteilíní Google a chomhtháthú ar a sheirbhísí ar líne agus féadfaidh sé na nithe sin a dhíriú orthu seo a leanas: (i) gach cuairteoir ar an láithreán gréasáin; (ii) cuairteoirí a d'fhéach ar sheónna sonracha; agus (iii) cuairteoirí a d'fhéach ar ábhar sonracha ar láithreán gréasáin RTÉ.ie trí úsáid a bhaint as gréasáin meán sóisialta (mar shampla, gréasáin amhail Facebook). Gabhann RTÉ do ghníomhaíochtaí den sórt sin ar bhonn toiliú a bheith faighte ó úsáideoirí de réir a Pholasaí maidir le Fianáin agus is féidir an polasaí sin a léamh anseo.

4.3 Cuntas RTÉ

Má chláraigh tú le haghaidh Chuntas RTÉ, féadfaidh RTÉ faisnéis (lena n-áirítear an áit ina bhfuil d'fheiste) a bailíodh trí bhíthin fianán/speicéirí gréasáin, amhail aitheantóir d'fheiste, a chumasc le do chuntas cláraithe RTÉ agus le do phróifíl RTÉ. Déantar amhlaidh ionas gur féidir le RTÉ gné-thairbhí breise a sholáthar duit mar chuid de sheirbhísí RTÉ. Bailíonn RTÉ faisnéis le haghaidh cuspóirí inmheánacha amháin chun ligean do RTÉ léargais a fháil ar d'iompar úsáide (e.g. na leathnaigh ghréasáin ar féachadh orthu, an t-am a caitheadh ar ailt, an cineál físeáin agus an líon físeán ar féachadh orthu ar nithe iad sin a chabhraíonn le RTÉ freastal níos fearr a dhéanamh ar úsáideoirí ina dhiaidh sin trí thuilleadh ábhair iomchuí a chur ar fáil ar an láithreán gréasáin agus trí bhíthin margáíochta).

4.4 Fógraíocht Ar Líne

Trí úsáid a bhaint as seirbhísí agus aipeanna RTÉ, féadfaidh RTÉ úsáid a bhaint as faisnéis a bhailítear uait, agus as faisnéis a bhailítear ó thríú páirtithe, chun fógraíocht shaincheaptha áirithe a scaipeadh i measc úsáideoirí RTÉ trí láithreán gréasáin RTÉ agus trí sheirbhísí eile de chuid RTÉ. Bailíonn RTÉ Sonraí Pearsanta féachana ó úsáideoirí a chuid seirbhísí éagsúla go léir agus is féidir le RTÉ agus lena soláthraithe seirbhíse úsáid a bhaint as na sonraí sin ansin chun fógraíocht a dhéanamh i measc grúpaí úsáideoirí ar leith ar bhonn na roghanna nó na hábhair spéise a léiríonn na sonraí atá bailithe agus próiseáilte trí theicneolaíocht RTÉ (nó soláthraí seirbhíse tríú páirtí). Mar shampla, baineann RTÉ úsáid as fianáin, speicéirí gréasáin agus teicneolaíochtaí den tsamhail chéanna chun faisnéis a bhailiú ó fheiste shoghluaiste nó ó fheiste de chineál eile agus déantar sin de réir Pholasaí RTÉ maidir le Fianáin (chun tuilleadh faisnéise a fháil faoin tslí ina n-úsáideann RTÉ fianáin agus teicneolaíochtaí eile den tsamhail chéanna féach [Polasaí RTÉ maidir le Fianáin](#) le do thoil). I gcás ina gcláraíonn úsáideoir le haghaidh Chuntas RTÉ agus ina dtoilíonn an t-úsáideoir le cumarsáidí a fháil faoi chomhpháirtithe tráchtála RTÉ, féadfaidh RTÉ faisnéis faoi úsáideoir a chumasc leis an bhfaisnéis atá bailithe ag RTÉ, nó ag tríú páirtithe, faoin úsáideoir chun cabhrú le RTÉ, agus lena chomhpháirtithe, fógraíocht a sholáthar atá bunaithe ar do chuid roghanna agus patrún féachana. Ina theannta sin, féadfaidh RTÉ tomhas a dhéanamh i leith na nithe a d'oscail úsáideoirí agus, chun a fháil amach conas a d'éirigh le feachtas, féadfaidh sé tomhas a dhéanamh ar an líon úsáideoirí a chliceáil na naisc atá leabaithe i gcumarsáidí fógraíochta. Féadfar an fhaisnéis sin a úsáid freisin chun éifeachtacht i dtaca le soláthar de a chinntiú agus chun ligean do RTÉ rialú a dhéanamh ar cé chomh minic a thaispeántar fógráin.

4.5 Moltaí maidir le hÁbhar agus ábhar a chur chun cinn

I gcás Cuntas RTÉ a bheith cruthaithe ag úsáideoirí, baileoidh RTÉ faisnéis áirithe trí úsáid a bhaint as fianáin, as breiseáin shóisialta, as picteilíní rianaithe, as speicéirí gréasáin agus as teicneolaíocht eile den tsamhail chéanna, ar faisnéis í a bhaineann le do phatrúin féachana, le seoladh do Sholáthraí Idirlín, faoi do bhrabhsálaí, faoi do chóras oibriúcháin agus faoi ainm na feiste a úsáideadh (lena n-áirítear an áit ina bhfuil an fheiste sin),

mar aon le mionsonraí faoin láithreán gréasáin ar leith de chuid RTÉ a bhfuarthas rochtain air, faoi leathanaigh mheán sóisialta RTÉ agus faoi úsáid aipeanna (e.g. leathanaigh ar tugadh cuairt orthu agus an t-am agus an dáta ar tugadh cuairt ar leathanaigh agus, chomh maith leis sin, na bearta a rinne an úsáideoir). Baineann RTÉ (agus a chuid soláthraithe seirbhíse tríú páirtí) úsáid as an bhfaisnéis sin chun a chumasú do RTÉ tairbhí breise atá saincheaptha le haghaidh roghanna agus ábhair spéise ar leith de chuid úsáideoirí Chuntas RTÉ a sholáthar do na húsáideoirí sin. I measc na ngnéithe sin, áirítear féachaint shaorálach ar Sheinnteoir RTÉ thar ilfheistí, ábhar a bhaineann leat féin, agus rochtain ar chomórtais eisiatacha, ar sheirbhísí breise agus ar imeachtaí. Ina theannta sin, féadfaidh RTÉ taifead a dhéanamh ar na húsáideoirí a d'oscail agus a chliceáil na naisc leabaithe sna teachtaireachtaí atá seolta ag RTÉ chun éifeachtacht feachtais a thomhas. Chun tuilleadh faisnéise a fháil faoin tslí ina n-úsáideann RTÉ fianáin agus teicneolaíochtaí eile den tsamhail chéanna féach **Polasaí RTÉ maidir le Fianáin** le do thoil.

Nuair a thugann úsáideoirí nach bhfuil Cuntas RTÉ cuairt ar láithreán gréasáin RTÉ, nuair a úsáideann siad aipeanna RTÉ agus nuair a thugann siad cuairt ar láithreáin mheán sóisialta RTÉ, déanfaidh RTÉ fianáin, breiseáin shóisialta, picteilíní rianaithe, speicéirí gréasáin agus teicneolaíocht eile den tsamhail chéanna a úsáid freisin chun faisnéis áirithe a bhailiú faoi do phatrúin féachana, faoi sheoladh do Sholáthraí Idirlín, faoi do bhrabhsálaí, faoi do chóras oibriúcháin agus faoi ainm na feiste a úsáideadh (lena n-áirítear an áit ina bhfuil an fheiste sin), mar aon le mionsonraí faoin láithreán gréasáin ar leith de chuid RTÉ a bhfuarthas rochtain air. Baineann RTÉ úsáid as an bhfaisnéis sin chun ábhar a bhfuil spéis agat féin ann a chur chun cinn.

4.6 Do chuid roghanna a athrú

Is féidir le húsáideoirí fógraí margaíochta a mhúchadh trí leas a bhaint as socruithe a gcuid feistí. Tá polasaí RTÉ maidir le húsáid fianán agus teicneolaíochta eile den tsamhail chéanna thar ardáin agus thar sheirbhísí RTÉ

leagtha amach **i mPolasaí RTÉ maidir le Fianáin**. Tugtar míniú sa Pholasaí maidir le Fianáin i dtaobh conas is féidir úsáid fianán a rialú le linn rochtain a fháil ar sheirbhísí RTÉ agus le linn na seirbhísí sin a úsáid.

Tabhair do d'aire, le do thoil, gurb amhlaidh, i gcás ina roghnaíonn tú fianáin a mhúchadh, go bhféadfadh sé go gcaillfidh tú roinnt gnéithe agus/nó feidhmiúlachta, lena n-áirítear treoracha atá ann laistigh d'fhianáin, is é sin, treoracha gan fógrán/suirbhé a úsáid tar éis é a bheith curtha chugat.

5. Sonraí faoi Fhoireann RTÉ agus Sonraí faoi Mhic Léinn, faoi Oiliúnaithe, faoi Intéirnígh agus faoi Dhaoine atá i mbun Taithí Oibre in RTÉ

5.1 Ina cháil mar fhostóir, bailíonn agus próiseálann RTÉ Sonraí Pearsanta i ndáil lena bhaill foirne, i ndáil le hiarratasóirí ar fhostaíocht le RTÉ, i ndáil le ballraíocht i scéimeanna pinsin agus, chomh maith leis sin, i ndáil le conraitheoirí neamhspleácha, mic léinn, oiliúnaithe, intéirnígh, daoine atá i mbun taithí oibre a fhostaíonn RTÉ. Áiríonn Sonraí Pearsanta den sórt sin na nithe seo a leanas:

- (a) Mionsonraí pearsanta: ainm, dáta breithe, uimhir PPS, mionsonraí faoi chuntas bainc, neasgholta, mionsonraí faoi chuntais mheán sóisialta;
- (b) Mionsonraí teagmhála: seoladh agus uimhir theileafóin (uimhreacha teileafóin);
- (c) Stair fostaíochta/mionsonraí faoi iarratas: stair oideachais, stair fostaíochta, cead oibre (más infheidhme); mionsonraí faoi údarú oibre (más infheidhme);
- (d) Mionsonraí oideachais: forais oideachais (lena n-áirítear mionsonraí teagmhála), cúrsa/clár agus comhordaitheoir an chúrsa/chláir iomchuí;

- (e) Ábhar eagarthóireachta nó iriseoireachta: naisc leis an obair e.g. naisc le spóil taispeána nó le closchomhaid;
- (f) Faisnéis liachta: deimhnithe liachta, nótaí breoiteachta, sonraí sláinte agus sábháilteachta;
- (g) Mionsonraí teaghlaigh: ainmneacha agus dátaí breithe leanaí (má tá iarratas á dhéanamh ag duine ar shaoire thuismitheora, ar thaithí oibre, ar intéirneacht etc.), ainmneacha tuismitheora/caomhnóra/neasgholta agus an ghaolmhaireacht le ball foirne;
- (h) Mionsonraí a bhfuil gá leo ar mhaithe le cúrsaí pinsin: mionsonraí pas, deimhnithe breithe, deimhnithe pósta agus mionsonraí faoi bhallraíocht i scéimeanna pinsin roimhe seo;
- (i) Mionsonraí faoi chlárúchán gluasteáin agus árachas feithicle ar mhaithe le héilimh ar chostais;
- (j) Mionsonraí maidir le ballraíocht i gceardchumann (ar mhaithe le táillí ballraíochta ceardchumann agus ar mhaithe leis sin amháin);
- (k) Sonraí a bhaineann le feidhmíocht: rátálacha bainistíochta feidhmíochta i leith bainisteoirí agus athbhreithnithe bliantúla ar thuarastal incriminteach fostaithe;
- (l) Mionsonraí a bhfuil gá le ar mhaithe le cúrsaí árachais: mionsonraí teagmhála; mionsonraí a bhaineann le haon éilimh árachais;
- (m) Mionsonraí faoi ‘Co-tag’ agus sonraí a bhaineann le cárta rochtana: ar mhaithe le slándáil agus sábháilteacht agus sláinte bhaill foirne RTÉ agus ar mhaithe le slándáil RTÉ;
- (n) Mionsonraí a bhaineann le hiompar agus le suíomh tiománaithe i gcás ina bhfuil rochtain ag baill foirne RTÉ ar fheithicil de chuid fhlít RTÉ.

Ina theannta sin, fostaíonn RTÉ líon áirithe tríú páirtithe i ndáil le bailiú agus próiseáil Sonraí Pearsanta a bhall foirne agus a chonraitheoirí chun cabhrú le gnáthchúrsaí riaracháin sa réimse pearsanra agus sochar.

5.2 Cuspóirí agus fírinniú dlíthiúil i leith próiseáil sonraí ag RTÉ

(a) Déanann RTÉ na Sonraí Pearsanta a bhaineann le fostaíocht agus a thuairiscítear thuas a bhailiú agus a phróiseáil ar mhaithe leis na cuspóirí, agus de réir na bhfírinnithe dlíthiúla, a thuairiscítear anseo thíos:

Cuspóir	Fírinniú Dlíthiúil
Párolla, lena n-áirítear tuarastail agus costais ball foirne agus conraitheoirí neamhspleácha a íoc, tuairisceáin chánach a dhéanamh, asbhaintí párolla saorálacha a phróiseáil agus ar mhaithe le buiséadú inmheánach agus réamh-mheastachán a dhéanamh i ndáil le costais phárolla.	Tá gá leis an bpróiseáil sin chun an Conradh fostaíochta, agus conarthaí le haghaidh seirbhísí, idir RTÉ agus gach fostaí nó conraitheoir, a chomhlíonadh.
Ar mhaithe le tiomsú, tuairisciú, anailísiú agus athrú buiséid i gcomparáid leis an mbuiséad, rannpháirtíocht in athbhreithnithe reachtúla, agus in athbhreithnithe eile, ar fheidhmíocht RTÉ, pleanáil agus athstruchtúrú, sceidealú agus pleanáil i leith acmhainní, costáil, nó freagraí ar iarrataí ar fhaisnéis seachas Iarrataí Saorála Faisnéise (e.g. Ceisteanna Parlaiminte).	Chun oibleagáidí reachtúla faoin Acht Craolacháin, 2009, a chomhlíonadh.

Chun taifid acmhainní daonna a choimeád.	Chun an Conradh fostaíochta idir RTÉ agus gach fostaí ar leith a chomhlíonadh agus chun oibleagáidí dlíthiúla i ndáil le taifid fostaíochta a chomhlíonadh.
Ar mhaithe le sláinte agus sábháilteacht bhaill foirne RTÉ agus cuairteoirí ar RTÉ agus ar mhaithe le slándáil bhaill foirne RTÉ agus cuairteoirí ar RTÉ.	Chun oibleagáidí RTÉ faoin dlí a bhaineann le cúrsaí fostaíochta a chomhlíonadh, go háirithe maidir le sábháilteacht agus sláinte agus maidir leis an dlí a bhaineann le sláinte phoiblí. Leasanna tábhachtacha bhaill foirne RTÉ agus cuairteoirí ar RTÉ.
Ar mhaithe le cúrsaí earcaíochta	Tá an phróiseáil sin bunaithe ar thoiliú an iarratasóra ar leithligh.
Ar mhaithe le cúrsaí oiliúna.	Chun oibleagáidí reachtúla RTÉ nó oibleagáidí faoin dlí a bhaineann le cúrsaí fostaíochta a chomhlíonadh. I roinnt cásanna, tá gá le próiseáil chun an Conradh fostaíochta/seirbhíse a chomhlíonadh.
Measúnacht ar fheidhmíocht, lena n-áirítear ar mhaithe le hathbhreithnithe tuarastail a dhéanamh.	Tá gá le próiseáil chun an Conradh fostaíochta/seirbhíse a chomhlíonadh.
Slándáil agus cothabháil Teicneolaíochta	Tá gá leis sin chun oibleagáidí dlíthiúla RTÉ i

<p>Faisnéise (TF) e.g. deasc TF, criptiú feistí, rochtain dhaingean chianda ar líonraí agus ar chórais RTÉ.</p>	<p>ndáil le slándáil sonraí a chomhlíonadh agus chun oibleagáidí dlíthiúla RTÉ a chosaint a mhéid a bhaineann lena chinntiú go gcloítear le polasaithe maidir leis an ionad oibre.</p>
<p>Mar Phróiseálaí Sonraí (<i>Sa chás seo, is iad na Rialaitheoirí Sonraí Iontaobhaithe Scéim Aoisliúntais RTÉ (RTÉSA). Déanann RTÉ an méid seo a leanas mar Riarthóir Cláraithe RTÉSA:</i></p> <p>Bainistíonn agus riarann sé rannpháirtíocht na mball in RTÉSA ar bhonn leanúnach ar mhaithe leis na nithe seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Sochair chuí a sholáthar do bhaill agus dá gcleithiúnaithe agus d'aon tairbhithe eile, • Cumarsáid a dhéanamh le baill agus sochair a ríomh agus a íoc <p>Faisnéis a sholáthar i gcomhthéacs díospóidí nó éilimh dhlíthiúla.</p>	<p>Tá gá leis seo chun oibleagáidí dlíthiúla na nIontaobhaithe a chomhlíonadh (de réir Airt 6(1)(c))</p> <p>Tá gá leis seo ar mhaithe le leasanna dlisteanacha na nIontaobhaithe nó leasanna dlisteanacha tríú páirtí, i gcás nach bhfuil sáraíocht ag cearta bunúsacha an Ábhair Sonraí ar na leasanna sin, ar cearta iad nach mór iad a chosaint (de réir Airt 6(1)(f); agus</p> <p>Tá gá leis seo chun éileamh dlíthiúil a bhunú, a fheidhmiú nó a chosaint (Airteagal 9(2)(f) i leith Catagóirí Speisialta Sonraí Pearsanta).</p>
<p>Chun faisnéis a sholáthar dóibh seo a leanas maidir le comhaltas i scéimeanna pinsin nach</p>	<p>Chun a chumasú d'Iontaobhaithe na scéimeanna pinsin a n-oibleagáidí faoi Acht na</p>

<p>scéimeanna pinsin RTÉSA iad ar mhaithe leis an méid seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> • riarthóirí pinsean chun a chumasú dóibh na scéimeanna pinsin sin a bhainistiú agus a riaradh • bróicéirí árachais a árchaióinn sochair bháis a sholáthraítear faoi na scéimeanna pinsin nach scéimeanna pinsin RTÉSA iad 	<p>bPinsean a chomhlíonadh.</p>
<p>Cartlann RTÉ a Chothabháil.</p>	<p>Chun oibleagáidí reachtúla RTÉ maidir le cartlannú faoin Acht Craolacháin a chomhlíonadh.</p>
<p>Iarrataí Saorála Faisnéise nó iarrataí rialála.</p>	<p>Chun oibleagáidí reachtúla a chomhlíonadh.</p>
<p>Chun measúnacht a dhéanamh ar acmhainn oibre fostaithe agus ar chúiseanna gaolmhara (amhail árachas), féadfaidh RTÉ, in imthosca teoranta, sonraí sláinte fostaí a phróiseáil agus na sonraí sin a nochtadh do sholáthraithe seirbhíse tríú páirtí ar mhaithe leis na nithe sonracha sin.</p>	<p>Ar mhaithe le nithe atá bainteach le hoibleagáidí RTÉ faoin dlí a bhaineann le cúrsaí fostaíochta, go háirithe a mhéid a bhaineann le sláinte agus sábháilteacht, agus acmhainn oibre, a chuid fostaithe. I gcás ina bpróiseáiltear sonraí den sórt sin, déanfar an phróiseáil faoi réir bearta oiriúnacha sonracha.</p>
<p>Chun intéirneachtaí agus cláir thaithí oibre a sholáthar (lena n-áirítear measúnacht a</p>	<p>Le toiliú ó iarratasóirí agus/nó ó</p>

dhéanamh ar iarratais, costais a íoc, cumarsáid le hiarratasóirí, toiliú le próiseáil Sonraí Pearsanta daoine atá faoi bhun 18 mbliana d'aois, mionsonraí faoi údaruithe oibre a fháil (más infheidhme)).	<p>thuismitheoirí/chaomhnóirí.</p> <p>Tá gá leis sin chun na conarthaí a eisítear chuig iarratasóirí a n-éiríonn leo a chomhlíonadh.</p>
Ar mhaithe le bainistíocht ghnó agus acmhainní daonna.	Chun oibleagáidí reachtúla RTÉ faoin Acht Craolacháin, 2009, a chomhlíonadh.
Mionsonraí a bhaineann le hiompar agus le suíomh tiománaithe i gcás ina bhfuil rochtain ag baill foirne RTÉ ar fheithicil de chuid fhlít RTÉ.	<p>Chun oibleagáidí conarthacha RTÉ a chomhlíonadh.</p> <p>Chun oibleagáidí dlíthiúla RTÉ faoin dlí a bhaineann le fostaíocht agus le sláinte agus sábháilteacht a chomhlíonadh.</p> <p>Leasanna tábhachtacha fostaithe, conraitheoirí agus/nó daoine den phobal.</p>

6. Sonraí Pearsanta a fhaigheann RTÉ ar mhaithe le Clársceidealú

6.1 Nithe a bhaineann le hiriseoireacht agus le hEagarthóireacht

Le linn a ról mar eagraíocht mheán seirbhíse poiblí, agus le linn taighde a dhéanamh faoi ábhar a d'fhéadfadh RTÉ a chraoladh nó a fhoilsiú, agus le linn ábhar den sórt sin a ullmhú, agus ar mhaithe le nithe a bhaineann le hiriseoireacht nó ábhar cláir agus le déanamh clár, déanann RTÉ nuacht, faisnéis, sonraí, tuairimí, barúlacha

faoi rún agus le foilsiú/nochtadh ó dhaoine agus ó fhoinsí a bhailiú agus a thaifeadadh i bhfoirmeacha éagsúla. Is minic a bhíonn baint ag na gníomhaíochtaí sin le bailiú agus próiseáil Sonraí Pearsanta. Faoin dlí a bhaineann le cosaint sonraí, ceadaítear do RTÉ Sonraí Pearsanta den sórt sin a phróiseáil chun cearta a bhaineann le sairse cainte agus saoráil faisnéise a shaothrú, lena n-áirítear próiseáil ar mhaithe le cúrsaí iriseoireachta agus ar mhaithe le léiriú acadúil, ealaíne nó litríochta agus déantar foráil leis an dlí sin maidir le díolúintí ó oibleagáidí áirithe i leith cosaint sonraí i gcás ina mbeadh na hoibleagáidí sin ar neamhréir le feidhmiú na gceart maidir le sairse cainte ag RTÉ. Le linn cearta den sórt sin a fheidhmiú, ní chuirfidh RTÉ isteach, go míréasúnach, ar phríobháideacht duine. Níl an Polasaí seo ceaptha chun cumas RTÉ brath ar leasanna den sórt sin a theorannú nó a shrianadh le linn a bheith ag gabháil dá chuid gníomhaíochtaí iriseoireachta, agus tá an méid sin le forléiriú ar bhonn leathan.

6.2 Nithe a bhaineann le hábhar clár

- (a) Le linn a ról mar eagraíocht mheán seirbhíse poiblí a chomhlíonadh, déanfaidh RTÉ ábhar clár bunaidh (lena n-áirítear ábhar beo) a ghiniúint agus a chraoladh freisin, lena n-áirítear ábhar a bhaineann le cultúr, cruthaitheacht, nuacht agus gnóthaí reatha, oideachas, spórt, ealaíona, drámaíocht, litríocht agus nithe eile agus déanfaidh sé Sonraí Pearsanta áirithe a bhaineann leis na nithe sin a phróiseáil de réir a chuspóirí agus a oibleagáidí reachtúla.
- (b) Ar mhaithe le cúrsaí eagarthóireachta, ní mór do RTÉ Sonraí Pearsanta áirithe (lena n-áirítear catagóirí speisialta sonraí amhail tuairimí polaitíochta) a choimeád agus a phróiseáil chun a chinntiú go bhfuil cleachtais oiriúnacha déanta cinntí eagarthóireachta ann ionas go ndéantar deimhin de go gcuirtear ábhar áirithe i láthair ar mhodh oibiachtúil neamhchlaonta. Cabhraíonn sé sin le RTÉ cóimheá pholaitíochta a chinntiú i gcomhthéacs tuairisciú polaitíochta, go háirithe le linn tréimhsí toghchánaíochta agus, chomh maith leis sin, éilimh maidir le clúmhillleadh a dhéantar i gcoinne RTÉ a chosc agus cosaint a dhéanamh ina leith.

6.3 Cuspóirí agus fírinniú dlíthiúil i leith próiseáil sonraí ag RTÉ ar mhaithe le clársceidealú

Cuspóir	Fírinniú Dlíthiúil
Nithe a bhaineann le hiriseoireacht agus le heagarthóireacht.	Chun oibleagáidí reachtúla faoin Acht Craolacháin a chomhlíonadh agus/nó le linn do RTÉ a chuspóirí leasa phoiblí a chomhlíonadh agus de bhun cearta maidir le Saoirse Cainte a fheidhmiú.
Nithe a bhaineann le hábhar clár.	Chun oibleagáidí reachtúla faoin Acht Craolacháin a chomhlíonadh agus le linn do RTÉ a chuspóirí leasa phoiblí a chomhlíonadh agus de bhun cearta maidir le Saoirse Cainte a fheidhmiú.
Cartlann RTÉ a Chothabháil.	Tá oibleagáidí reachtúla ag RTÉ faoin Acht Craolacháin chomh maith le leas poiblí a bheith aige maidir le cothabháil ba dhéanamh ar a ábhair chartlainne agus ar a thaifid ar mhaithe le cuspóirí a bhaineann le leas an phobail, le cúrsaí staire agus le cúrsaí taighde.
Chun a chumasú toiliú a lorg ó thuismitheoir nó ó chaomhnóir chun sonraí daoine atá faoi bhun 18 mbliana d'aois a bhailiú agus a	Chun oibleagáidí reachtúla RTÉ a chomhlíonadh.

stóráil.

7. Ábhar a chur ar fáil do RTÉ, rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí RTÉ agus cumarsáidí le RTÉ ó Lucht Féachana/Éisteachta agus, ó Úsáideoirí RTÉ agus ón bPobal i gCoitinne

7.1 Nuair a chuireann duine ábhar ar fáil do RTÉ, nuair a bhíonn sé/sí rannpháirteach i ngníomhaíochtaí RTÉ nó nuair a dhéanann sé/sí cumarsáid le RTÉ ar aon mhodh, lena n-áirítear, gan teorainn, trí láithreán gréasáin, meáin shóisialta nó aipeanna RTÉ, leis an teileafón nó leis an bpost, féadfaidh RTÉ mionsonraí teagmhála (a chuireann tú ar fáil) a bhailiú agus a úsáid.

- (a) Déantar Sonraí Pearsanta a sholáthraítear trí láithreán gréasáin, meáin shóisialta agus/nó Aipeanna RTÉ a phróiseáil de réir mhír 3 den pholasáí príobháideachais seo agus, más infheidhme, de réir Théarmaí agus Choinníollacha RTÉ Ar Líne.
- (b) Sonraí Pearsanta a sholáthraítear i mbunfhormáid ar mhodh amhail leis an bpost nó trína sheachadadh de láimh: Féadfaidh RTÉ ainm agus mionsonraí teagmhála an tseoltóra a bhailiú agus a úsáid i dtaca leis an gcuspóir ar ina leith a sheol an seoltóir an t-ábhar chuig RTÉ. I gcás ina bhfuil RTÉ ag cur cuspóir den sórt sin i gcrích (mar shampla amháin: clár a dhéanann léiritheoir neamhspleách) i gcomhar le tríú páirtí, féadfaidh an tríú páirtí sin na sonraí bhailiú agus a úsáid, ach sin faoi réir an chonartha idir RTÉ agus an tríú páirtí.

7.2 Cuspóirí agus fírinniú dlíthiúil i leith próiseáil sonraí ag RTÉ

- (a) Déanann RTÉ na Sonraí Pearsanta a sholáthraíonn daoine a chuireann ábhar ar fáil, a sholáthraíonn an lucht féachana/éisteachta agus/nó a sholáthraíonn an pobal i gcoitinne, mar atá pléite thuas, a bhailiú

agus a phróiseáil ar mhaithe leis na cuspóirí, agus de réir na bhfírinne dlíthiúla, a thuairiscítear anseo thíos:

Cuspóir	Fírinne Dlíthiúil
Trí úsáid a bhaint as ábhar a sholáthraíonn daoine ar mheáin ar líne RTÉ agus/nó ar chlár RTÉ.	Ag brath ar an gcuspóir ar ina leith a soláthraíodh an t-ábhar, is dócha gurb é a bheidh sa bhunús dlíthiúil iomchuí ná toiliú duine leis na húsáidí sin nó comhlíonadh chuspóirí seirbhíse poiblí RTÉ agus de bhun a cheart maidir le sairse cainte. Más mian le húsáideoir toiliú le próiseáil ábhar a sholáthraíonn sé/sí do RTÉ a tharraingt siar, is féidir leis/léi teagmháil a dhéanamh le hOifigeach Cosanta Sonraí RTÉ (féach mír 16 anseo thíos).
Cartlann RTÉ a Chothabháil.	Tá oibleagáidí reachtúla ag RTÉ faoin Acht Craolacháin chomh maith le leas poiblí a bheith aige maidir le cothabháil ba dhéanamh ar a ábhair chartlainne agus ar a thaifid ar mhaithe le cuspóirí a bhaineann le leas an phobail, le cúrsaí staire agus le cúrsaí taighde.
Chun a chumasú toiliú a lorg ó thuismitheoir nó ó chaomhnóir chun sonraí daoine atá faoi bhun 18 mbliana d'aois a bhailiú agus a	Chun oibleagáidí reachtúla RTÉ a chomhlíonadh.

8. Leanaí

8.1 Cloch choirnéil de chuid shainordú RTÉ is ea lucht féachana/éisteachta óg RTÉ a chumhachtú trí litearthacht dhigiteach, uilechuimsitheacht agus cruthaitheacht a spreagadh agus, ag an am céanna, ábhar spéisiúil inrochtana a sholáthar. Áiríonn seirbhísí ar líne RTÉ do leanaí aip RTÉjr agus láithreán gréasáin RTÉjr (mar aon le **“Seirbhísí Ar Líne RTÉ do Leanaí”**). Ag féachaint do na cosaintí sonracha a ghabhann le húsáid Sonraí Pearsanta leanaí, déileálann RTÉ le príobháideacht leanaí mar ábhar an-dáiríre agus, ar an ábhar sin, ní úsáideann RTÉ fianáin le haghaidh fógraíocht spriocdhírithé i dtaca le Seirbhísí Ar Líne RTÉ do Leanaí.

8.2 Leanaí agus clársceidealú RTÉ

Féadfaidh RTÉ Sonraí Pearsanta leanaí a phróiseáil le linn a chuid oibleagáidí reachtúla a chomhlíonadh nó le linn a chearta maidir le saoirse cainte a fheidhmiú, ar cearta iad ina n-áirítear, gan teorainn, cláir a dhéanamh ar mhaithe le leas an phobail.

8.3 Leanaí mar dhaoine sa lucht féachana/éisteachta, mar fhoireann aisteoirí nó mar rannpháirtithe i gclár de chuid RTÉ

Is féidir le tuismitheoirí nó caomhnóirí iarratas a dhéanamh trí www.RTÉjr.ie, thar ceann a linbh/leanaí, chun bheith ann mar dhuine de lucht féachana/éisteachta, mar dhuine d’fhoireann aisteoirí nó mar rannpháirtí i gclár de chuid RTÉ. Déanfar aon Sonraí Pearsanta a phróiseáil de réir an Pholasaí Príobháideachais seo, ag féachaint do na cosaintí sonracha a ghabhann le húsáid Sonraí Pearsanta leanaí.

8.4 RTÉjr agus cláir do dhaoine óga

Ach, i láthair na huaire, ní ullmhaíonn RTÉ é féin cláir do leanaí agus tá gach clár RTÉjr do dhaoine óga á ullmhú go neamhspleách faoi láthair ag cuideachtaí neamhspleácha léiriúcháin tríú páirtí a thagann faoi réir a gcuid ráiteas príobháideachais féin a d'fhéadfadh a bheith éagsúil le polasaí RTÉ. Dá réir sin, is ceart do thuismitheoirí/chaomhnóirí fógraí/ráitis na gcuideachtaí léiriúcháin tríú páirtí sin a léamh, thar ceann a leanaí, chun tuilleadh faisnéise a fháil.

8.5 Fianáin agus seirbhísí ar líne RTÉ do leanaí

Cé nach n-úsáideann RTÉ fianáin le haghaidh fógraíochta i dtaca le Seirbhísí Ar Líne RTÉ do Leanaí, úsáideann RTÉ fianáin agus teicneolaíochtaí eile (amhail picteilíní, clibeanna agus/nó SDK-anna) ar chúiseanna a bhaineann le Seirbhísí Ar Líne RTÉ do Leanaí. Cumasaíonn sé sin do RTÉ a chinntiú go mbíonn an eispéireas is fearr agus is féidir ag úsáideoirí agus chun an t-ábhar is oiriúnaí a sholáthar (e.g. físeáin, cartúin agus cluichí) trí sheirbhísí ar líne RTÉ do leanaí agus trí chlár theilifíse a oireann d'ábhair spéise leanaí. Tá sé tábhachtach a aithint go bhfuil cuspóir tábhachtach ag fianáin i dtaca lena chumasú do chórais RTÉ d'fheiste a aithint ar feadh fhad ama do chuartha nó le linn athchuartheanna, ar mhaithe lena ligean duit dul ó leathanach go leathanach go héifeachtúil, ar mhaithe le faisnéis logála isteach a stóráil agus, i gcoitinne, ar mhaithe le feabhas a chur ar d'eispéireas féin agus/nó ar eispéireas do linbh i leith sheirbhísí ar líne RTÉ do leanaí. Ina theannta sin, is féidir leis sin a chumasú do RTÉ an áit ina bhfuil d'fheiste a shaináithint. Chun tuilleadh faisnéise a fháil faoin tslí ina n-úsáideann RTÉ fianáin agus teicneolaíochtaí eile den tsamhail chéanna féach **Polasaí RTÉ maidir le Fianáin** le do thoil.

Cuspóir	Fírinniú Dlíthiúil
----------------	---------------------------

Leanaí agus Cláir RTÉ.	Oibleagáid Reachtúil, Saoirse Cainte, Cartlann, Toiliú.
Leanaí mar dhaoine sa lucht féachana/éisteachta, mar fhoireann aisteoirí nó mar rannpháirtithe i gcláir de chuid RTÉ.	Oibleagáid Reachtúil, Toiliú, Saoirse Cainte, Cartlann.
RTÉjr agus cláir do dhaoine óga	Oibleagáid Reachtúil, Saoirse Cainte, Cartlann, Toiliú.

9. Próiseáil ar mhaithe le Cuspóirí Slándála

9.1 CCTV

Tá ceamaraí teilifíse ciorcaid iata (“**CCTV**”) curtha i bhfearas ag RTÉ ar fud a chuid áitreabh éagsúil lasmuigh d’fhoirgnimh nó laistigh díobh, i spásanna inmheánacha, i gcarrchlóis, ar bhóithre, ar chosáin agus i dtailte agus ar imill na n-áitreabh atá faoi rialú RTÉ. Déantar córas CCTV RTÉ a chur i bhfeidhm ar mhodh comhréireach de réir mar is gá chun maoin RTÉ a chosaint ar ghadaíocht nó ar mhionghadaíocht agus ar mhaithe le slándáil fostaithe agus cuairteoirí ar áitreabh RTÉ (chun a gcuid leasanna tábhachtacha a chosaint). Cé go ndéanann baill foirne slándála de chuid RTÉ faireachán ar phíosáí scannánaíochta CCTV, tá rochtain ar phíosáí scannánaíochta taifeadta teoranta go daingean do phearsanra údaraithe. Coimeádtar píosáí scannánaíochta ar feadh 28 lá, ach amháin i gcás ina ndéantar teagmhais nó timpistí a shainaitheint agus, sa

chás sin, déantar píosaí scannánaíochta a choimeád go sonrach i gcomhthéacs imscrúdaithe ar an tsaincheist sin. Féadfar píosaí scannánaíochta CCTV a úsáid i gcomhthéacs imeachtaí araíonachta a bhaineann le fostaithe de chuid RTÉ agus chun nithe a bhraith agus a shuíomh agus/nó chun cosaint a dhéanamh i gcoinne imeachtaí dlíthiúla (ar mhaithe le leasanna tábhachtacha RTÉ, fhoireann RTÉ, mac léinn agus daoine lena mbaineann a chosaint). Ní dhéantar píosaí scannánaíochta CCTV a nochtadh do thríú páirtithe ach amháin i gcás ina gceanglaítear nochtadh a dhéanamh le dlí (amhail chun cionta líomhnaithe a chosc, a bhraith nó a imscrúdú) agus, i gcásanna den sórt sin, bíonn nochtadh bunaithe ar iarraidh bhailí. Tá comharthaí á rá go bhfuil CCTV á úsáid ar taispeáint ar fud áitreabh RTÉ. Chun cóip de phíosa scannánaíochta a iarraidh, déan teagmháil le Bainisteoir Slándála RTÉ ag Kieron.Hogan@rte.ie agus leis an Oifigeach Cosanta Sonraí ag dpo@rte.ie. Déanfar an iarraidh uait a bhreithniú i bhfianaise an dlí a bhaineann le cosaint sonraí.

9.2 Aithint Plátaí Clárúcháin

Oibríonn RTÉ bogearraí aitheanta plátaí clárúcháin ar mhaithe le cúrsaí slándála agus chun rochtain údaraithe ag feithiclí ar áitribh RTÉ a éascú. Is é atá i gceist leis sin ná mionsonraí faoi phlátaí clárúcháin feithiclí a phróiseáil nuair a théann siad isteach in áitribh RTÉ agus nuair a fhágann siad na háitribh sin.

Cuspóir	Fírinniú Dlíthiúil
CCTV.	Leasanna tábhachtacha ball foirne agus cuairteoirí ar láithreáin agus ar áitribh cheadúnaithe RTÉ. Oibleagáidí dlíthiúla agus oibleagáidí conarthacha a chomhlíonadh.

10. Nochtadh Sonraí/Faightheoirí

- 10.1 Nochtann RTÉ Sonraí Pearsanta do thríú páirtithe i gcásanna áirithe. Mar shampla, úsáideann RTÉ soláthraithe seirbhíse tríú páirtithe chun Sonraí Pearsanta a phróiseáil ar mhaithe le roinnt cuspóirí, lena n-áirítear chun an líon daoine i luchtanna féachana/éisteachta a thomhas, chun anailísíocht sonraí a dhéanamh, chun a chuid cumarsáidí margaíochta ríomhphoist a bhainistiú, chun comórtais a riaradh, chun déileáil le hiarrataí uait nó chun freastal ar nithe a bhfuil tú ag súil leo ó RTÉ. Bíonn oibleagáid conarthach ar na soláthraithe seirbhíse sin gan Sonraí Pearsanta a fhaightear ó RTÉ a phróiseáil ach amháin ar mhaithe leis na cuspóirí ar ina leith a bhfuarthas iad agus de réir threoracha RTÉ.
- 10.2 Ní thabharfaidh RTÉ Sonraí Pearsanta do thríú páirtithe le go bhféadfaidh siad teagmháil a dhéanamh leat i ndáil le margaíocht dhíreach nó i ndáil le cúrsaí bolscaireachta mura rud é go bhfuil toiliú tugtha agat maidir le RTÉ do nochtadh do Shonraí Pearsanta do thríú páirtithe ar mhaithe leis an gcuspóir sin.
- 10.3 In imthosca áirithe, nochtfaidh RTÉ Sonraí Pearsanta do thríú páirtithe seachtracha eile amhail a chuid comhairleoirí gairmiúla de réir mar is gá i gcomhthéacs a gcuid seirbhísí a chur ar fáil. D'fhéadfadh sé go mbeadh na daoine seo a leanas i measc na bhfaightheoirí sin: comhairleoirí seachtracha dlí, iniúchóirí, achtúirí, comhairleoirí pinsin agus cánach, riarthóirí pinsin agus comhairleoirí gairmiúla eile. Déanfar na sonraí sin a nochtadh ar chúiseanna éagsúla lena n-áirítear chun a chinntiú go gcomhlíonann RTÉ a chuid oibleagáidí cánach agus a chuid oibleagáidí eile agus chun a chuspóirí reachtúla a chomhlíonadh ar mhaithe le leas an phobail.

- 10.4 I gcásanna áirithe ina bhfuil RTÉ ag obair le comhléiritheoir nó le cuideachta léiriúcháin tríú páirtí le linn ábhar a ullmhú, féadfaidh RTÉ Sonraí Pearsanta a nochtadh do na comhléiritheoirí/cuideachtaí léiriúcháin tríú páirtí sin. Más cuí, cinnteoidh RTÉ go bhfuil na forálacha riachtanacha conarthacha ann leis na tríú páirtithe sin ionas go ndéantar Sonraí Pearsanta a bhainistiú agus a bhailiú de réir an dí maidir le cosaint sonraí.
- 10.5 Ina theannta sin, féadfaidh RTÉ Sonraí Pearsanta a nochtadh dá sholáthraithe nó dá bhróicéirí árachais i dtaca le hárachas a fháil, i dtaca le héilimh dhlíthiúla agus éilimh ionchasacha dlíthiúla nó i dtaca le himeachtaí dlíthiúla.
- 10.6 Tagann RTÉ faoi réir na ndlíthe a bhaineann le Saoráil Faisnéise agus le cúrsaí craolacháin agus féadfaidh sé faisnéis a nochtadh i gcás ina bhfuil sé de cheangal air déanamh amhlaidh de réir na reachtaíochta sin.
- 10.7 Féadfar do chuid Sonraí Pearsanta a thabhairt do chuideachtaí meán sóisialta freisin ar an modh a thuairiscítear ag 3.3 (a) (iv) thuas. Tá polasaithe príobháideachais na gcuideachtaí meán sóisialta is mó éilimh leagtha amach anseo thíos mar áis tagartha. Gheobhaidh tú míniú sna polasaithe sin i dtaobh conas a phróiseálann siad do shonraí pearsanta, cén fáth go bpróiseálann siad iad agus cén bonn atá leis an bpróiseáil, mar aon le míniú a fháil i dtaobh conas a fhéadfaidh tú do chuid ceart cosanta sonraí a fheidhmiú ina n-aghaidh.

Polasaí príobháideachais Facebook – <https://www.facebook.com/about/privacy>

Polasaí príobháideachais Instagram – <https://help.instagram.com/519522125107875>

YouTube, lena n-áirítear Google – <https://policies.google.com/privacy>

Polasaí príobháideachais LinkedIn – <https://www.linkedin.com/legal/privacy-policy>

Polasaí príobháideachais Twitter – <https://twitter.com/en/privacy>

Ina theannta sin, nuair a úsáideann RTÉ táirgí de chuid Facebook ar mhaithe leis na cuspóirí atá leagtha amach i ranna 3.3(a)(iii)-(vi) agus i roinn 4, ansin, ar mhaithe leis na cuspóirí sin, is Comhrialaitheoirí iad RTÉ agus Facebook i ndáil leis na sonraí pearsanta. Chuige sin, tá comhaontú forlíontach déanta ag RTÉ maidir leis an bpróiseáil sin agus déantar freagrachtaí gach eagraíochta faoi seach a leagan amach sa chomhaontú sin, lena n-áirítear freagrachtaí i ndáil leis an tslí a fhéadfaidh tú do chearta cosanta sonraí a fheidhmiú. Is féidir teacht ar an gcomhaontú sin anseo (https://www.facebook.com/legal/controller_addendum).

11. Cartlannú

- 11.1 Is í Cartlann RTÉ an bailiúchán ábhair clos-amhairc is mó de chuid na hÉireann. Chomh maith le taifid chlos-amhairc a choinneáil, cuireann Cartlann RTÉ ábhar ar fáil don phobal agus dá bhaill foirne ar líon méadaitheach ardán agus feistí. Soláthraíonn Cartlann RTÉ ábhar le haghaidh cláir raidió agus teilifíse, agus déantar amhlaidh ar bhonn inmheánach agus chun freastal ar chomhpháirtithe ábhair.
- 11.2 Déantar na taifid sin a choimeád ar mhaithe le cuspóirí iriseoireachta mar atá leagtha amach i mír 6 thuas. Is ceart Polasaí Príobháideachais RTÉ a léamh in éineacht le Polasaí RTÉ maidir le Bainistiú Taifead. Cuimsíonn Cartlann RTÉ an dá cineál ábhair cartlainne seo a leanas: (i) Ábhar Cartlainne Oibre a choimeádtar ar mhaithe le cuspóirí oibriúcháin agus (ii) Ábhar Cartlainne Oidhreachta a choimeádtar ar mhaithe le cúiseanna a bhaineann le cúrsaí staire agus leas an phobail.
- 11.3 Coimeádann RTÉ taifid chartlainne de réir a chuspóirí reachtúla faoi alt 114 den Acht Craolacháin lena gceanglaítear air “*cartlanna agus leabharlanna ina mbeidh bunábhair a bhaineann le cuspóirí RTÉ*”. A mhéid a bhaineann le gníomhaíochtaí cartlannaithe RTÉ, glacfar bearta oiriúnacha sonracha agus urramófar an prionsabal maidir le híoslághdú sonraí.

12. Sonraí a Choimeád

Déanann RTÉ iarracht gan Sonraí Pearsanta a choimeád ar feadh tréimhse is faide ná mar is gá le haghaidh an chuspóra ar ina leith a fuairamar iad nó a éilítear a cheadaítear ar mhaithe i leith cuspóirí dlíthiúla, rialála agus coiscthe calaoise agus ar mhaithe le cuspóirí dlisteanacha gnó.

Tá oibleagáid ar RTÉ faisnéis áirithe a choimeád chun cruinneas a chinntiú, chun cabhrú le cáilíocht seirbhíse a choimeád ar bun agus ar mhaithe le cuspóirí dlíthiúla, rialála agus coiscthe calaoise agus ar mhaithe le cuspóirí dlisteanacha gnó.

De ghnáth, coimeádfaidh RTÉ an fhaisnéis sin ar feadh tréimhse seacht mbliana (nó coimeádfaidh ár soláthraí seirbhíse í, thar ár gceann, ar feadh na tréimhse sin), mura rud é go bhfuil oibleagáid ar RTÉ í a choimeád ar feadh tréimhse is faide ná sin faoin slí nó faoi rialacháin infheidhme. Mar shampla, de réir mar atá leagtha amach i Roinn 11, tá oibleagáidí reachtúla cartlannaithe ag RTÉ faoin Acht Craolacháin chomh maith le leas poiblí a bheith aige maidir le cothabháil a dhéanamh ar a ábhair chartlainne agus ar a thaifid ar mhaithe le cuspóirí a bhaineann le leas an phobail, le cúrsaí staire nó le cúrsaí taighde. Déanfar aon Sonraí Pearsanta a choimeádtar i gcomhthéacs Chartlann RTÉ a choinneáil ar feadh tréimhse éiginnte. Mar an gcéanna, déanfar Sonraí Pearsanta a sholáthraítear nuair a chuireann úsáideoirí Cuntas RTÉ ar bun a choinneáil go dtí cibé am a chuireann an t-úsáideoir deireadh leis an gcuntas agus díothóidh RTÉ na Sonraí Pearsanta go léir sin an tráth sin.

In imthosca eile, coimeádfaidh RTÉ Sonraí Pearsanta ar feadh tréimhse ama is giorra ná sin. Mar shampla, má nochtann tú Sonraí Pearsanta dúinn i dtaca le rannpháirtíocht i gcomórtas, coimeádfar na Sonraí Pearsanta ar feadh tréimhse 24 mhí. De ghnáth, ní dhéanfar Sonraí pearsanta a bhailítear de bhun pholasaí RTÉ maidir le fianáin ar feadh tréimhse is faide ná 6 mhí.

13. Aistriú Sonraí Iasmuigh den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch

13.1 Ní dhéanann RTÉ Sonraí Pearsanta a aistriú go dtí áiteanna lasmuigh den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (“**LEE**”) de ghnáth. Ach, i roinnt cásanna, féadfaidh RTÉ soláthraithe seirbhíse atá roghnaithe go cúramach a úsáid, lena n-áirítear Facebook agus lena n-áirítear soláthraithe áirithe néalstórála, chun feidhmeanna áirithe a chomhlíonadh, ar feidhmeanna iad a ngabhann aistriú sonraí go dtí áiteanna lasmuigh den LEE. Ina theannta sin, d’fhéadfadh sé go ndéanfaidh soláthraí seirbhíse áirithe de chuid RTÉ Sonraí Pearsanta a stóráil in ionaid atá suite lasmuigh den LEE. Tagann soláthraithe seirbhíse den sórt sin faoi réir oibleagáid chonarthach chun an dlí infheidhme a bhaineann le cosaint sonraí a chomhlíonadh agus chun a chinntiú go gcuirtear bearta cuí i bhfeidhm lena chinntiú go gcosnaítear aon Sonraí Pearsanta a aistrítear go dtí áiteanna lasmuigh den LEE. Mar thoradh ar bhreitheanna a rinne Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh agus ar imeacht na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach go gairid, tá athbhreithniú á dhéanamh ag RTÉ ar a chuid socruithe maidir le próiseáil sonraí a dhéantar sna Stáit Aontaithe agus sa Bhreatain agus táthar ag fanacht le tuilleadh treoracha agus comhairle ó rialaitheoirí iomchuí cosanta sonraí.

14. Do Chearta maidir le Cosaint Sonraí

A mhéid a bhaineann le do chuid Sonraí Pearsanta, tá na cearta seo a leanas agat, in imthosca áirithe, faoin dlí a bhaineann le cosaint sonraí:

14.1 Ceart chun rochtain a fháil ar Shonraí Pearsanta a choinníonn RTÉ

- (a) Tá an ceart ag aon duine iarraidh ar rochtain a dhéanamh faoin dlí a bhaineann le cosaint sonraí, is é sin, rochtain ar chóip de na Sonraí Pearsanta dá chuid/cuid atá á gcoinneáil ag RTÉ. Mar fhreagra ar iarraidh, tabharfaidh RTÉ soiléiriú maidir leis an eintiteas de chuid RTÉ arb é an Rialaitheoir Sonraí é i leith na

Sonraí Pearsanta iomchuí. Féadfaidh RTÉ tuilleadh mionsonraí aitheantais a iarraidh chun céannacht an duine lena mbaineann a dhaingniú sula scaoiltear an fhaisnéis iomchuí.

- (b) Is ceart a thabhairt do d’aire go bhfuil díolúintí sonracha ann maidir le rochtain a fháil ar Shonraí Pearsanta a choinnítear ar mhaithe le cuspóirí iriseoireachta, ealaíne agus litríochta agus d’fhéadfadh feidhm a bheith ag na díolúintí sin maidir le RTÉ.

14.2 Cearta eile maidir le cosaint sonraí

- (a) Sonraí Pearsanta míchruinne a cheartú;
- (b) Sonraí Pearsanta a Léirsciosadh (ar a dtugtar an “Ceart chun bheith Dearmadta” freisin);
- (c) Próiseáil Sonraí Pearsanta a shrianadh;
- (d) Ceart chun iniomparthacht sonraí;
- (e) An ceart chun agóid a dhéanamh i gcoinne próiseáil Sonraí Pearsanta i gcás ina bhfuil an phróiseáil sin bunaithe ar fheidhmeanna reachtúla RTÉ agus/nó ar chuspóirí a bhaineann le leas an phobail.

14.3 Ach, faoin dlí maidir le cosaint sonraí, níl na cearta sin ar fáil ach amháin in imthosca áirithe. Más mian leat aon cheann de do chearta maidir le cosaint sonraí a fheidhmiú, déan teagmháil le hOifigeach Cosanta Sonraí RTÉ, le do thoil, ag dpo@rte.ie nó scríobh chuig: An Rialaitheoir Cosanta Sonraí, RTÉ, Domhnach Broc, Baile Átha Cliath 4. Tabhair an oiread mionsonraí agus is féidir, le do thoil, lena chumasú dúinn freagra a thabhairt ar d’iarraidh agus chun Sonraí Pearsanta fút a aimsiú.

15. Slándáil Faisnéise

15.1 De réir na ndlíthe infheidhme, cinntíonn RTÉ go ndéantar na Sonraí Pearsanta go léir a rialaíonn RTÉ a choinneáil go daingean trí úsáid a bhaint as bearta cuí slándála lena n-áirítear an méid seo a leanas:

- (a) Bearta fisiciúla amhail comhadchaibinéid faoi ghlas in oifigí ina bhfuil Sonraí Pearsanta;
- (b) Córais slándála TF;
- (c) Rochtain shrianta ar Shonraí Pearsanta faoi réir ceaduithe;
- (d) Teorainneacha ama maidir le coimeád Sonraí Pearsanta;
- (e) Oiliúint spriocdhírithé maidir le cosaint sonraí a sholáthar d'fhostaithe, do chonraitheoirí agus do bhaill foirne eile a bhfuil rochtain acu ar Shonraí Pearsanta agus a phróiseálann Sonraí Pearsanta;
- (f) Srian pasfhocail i leith rochtain ar Shonraí Pearsanta; agus
- (g) Bearta teicniúla, lena n-áirítear na nithe seo a leanas:
 - (i) criptiú ar ríomhairí glúine RTÉ; agus
 - (ii) sásraí logála taifeadadh a dhéanamh ar rochtain áirithe ar Shonraí Pearsanta agus ar athrú agus próiseáil eile Sonraí Pearsanta.

15.2 I gcás ina dtarlaíonn sárú ar Shonraí Pearsanta, comhlíonfaidh RTÉ na hoibleagáidí is infheidhme faoin dlí cosanta sonraí a mhéid a bhaineann leis an sárú a thuairisciú agus a chur in iúl.

16. Teagmháil a dhéanamh linn/Gearáin

16.1 Más mian leat gearán a dhéanamh maidir le cleachtais chosanta sonraí RTÉ, déan teagmháil le hOifigeach Cosanta Sonraí RTÉ, le do thoil, ag dpo@rte.ie nó scríobh chuig: An Rialaitheoir Cosanta Sonraí, RTÉ,

Domhnach Broc, Baile Átha Cliath 4. Ina theannta sin, féadfaidh tú gearán a thaisceadh in Oifig an Choimisiún um Chosaint Sonraí (féach láithreán gréasáin Oifig an Choimisiún um Chosaint onraí).

- 16.2 Forchoimeádann RTÉ an ceart chun ábhar a bhaint d'aon láithreáin ghréasáin de chuid RTÉ, d'aon leathanaigh mheán sóisialta de chuid RTÉ agus d'aon aipeanna de chuid RTÉ, ar ábhar é atá contrártha don Pholasaí Príobháideachais seo nó de réir mar is cuí leis. Chun ábhar a gcreideann tú ina leith go bhfuil sé contrártha don Pholasaí Príobháideachais seo a thuairisciú, déan teagmháil le deasc chabhrach RTÉ ag info@rte.ie nó leis an Oifigeach Cosanta Sonraí ag dpo@rte.ie. Ina theannta sin, féadfaidh tú ábhar a thuairisciú ar an láithreán gréasáin, ar an leathanach meán sóisialta nó ar an aip iomchuí.
- 16.3 Má tá aon cheisteanna nó fiosruithe agat faoin bpolasaí seo, déan teagmháil lenár ndeasc chabhrach, le do thoil, ag info@rte.ie, nó leis an Oifigeach Cosanta Sonraí ag dpo@rte.ie.
- 16.4 Tabhair cuairt ar láithreán gréasáin Choimisinéir Cosanta Sonraí na hÉireann, le do thoil, chun tuilleadh faisnéise a fháil faoi do chuid ceart maidir le cosaint sonraí (<https://dataprotection.ie/>).